C/2025/4233

30.7.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/4233)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Bandol'

PDO-FR-A0485-AM02

Dáta na teachtaireachta: 12.5.2025

1. **Ainm an táirge**

'Bandol'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás náisiúnta a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ministère de l'Agriculture, de l'Alimentation, de la Pêche, de la Ruralité et de l'Aménagement du Territoire, Direction Générale des Politiques Agricoles, Agroalimentaires et des Territoires, Bureau du vin et des autres boissons [An Aireacht Talmhaíochta, Bhia, Iascaigh, Gnóthaí Tuaithe agus um Pleanáil maidir le hÚsáid Talún, Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta, an Agraibhia agus an Bheartais Talún, Oifig um Fhíonta agus Deochanna Eile]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní mheastar gur leasuithe ar leibhéal an Aontais iad na leasuithe sin de réir bhrí Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143. Go sonrach:

(a) níl i gceist leo athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar na táirgí nó ar na catagóirí táirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Cineálacha fíniúna*

Leasaíodh Caibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh an ATFC 'Bandol' i bpointe V, 'Cineálacha fíniúna', agus cuireadh an méid seo a leanas isteach:

— cineálacha fíniúna Mourvaison N, Counoise N, Xinomavro N, Calabrese N agus Agiorgitiko N, chun fíonta dearga agus *rosé* a tháirgeadh;

— cineálacha fíniúna Grenache B, Carignan B, Terret B agus Assyrtiko B chun fíonta geala a tháirgeadh.

Áiríodh na cineálacha sin sa tsonraíocht táirge chun críoch oiriúnaithe. I gcomhthéacs an téimh dhomhanda, soláthraíonn na cineálacha sin frithsheasmhacht níos mó in aghaidh an triomaigh, gan próifíl orgánaileipteach na bhfíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán a athrú. Ós rud é gur cineálacha iad a áiríodh chun críoch oiriúnaithe, d'fhéadfadh gurb iad na cineálacha sin a bheadh i suas le 5 % de na cineálacha fíniúna ar ghabháltais agus i suas le 10 % de chumaisc.

Cuireadh na cineálacha sin leis an liosta cineálacha fíonchaor sa doiciméad aonair.

2. *Rialacha maidir leis an gcion cineálacha fíniúna ag gabháltas*

Leasaíodh Caibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh an ATFC 'Bandol' i bpointe V, 'Cineálacha fíniúna' chun na rialacha maidir leis an gcion cineálacha fíniúna ag gabháltas a oiriúnú.

— I gcás na bhfíonta geala: maidir leis na fíonchaora a úsáidtear, is é an príomhchineál 'Clairette B' atá i gceist in idir 30 % ar a laghad, seachas 50 %, agus 95 % ar a mhéad de na cásanna a úsáidtear. Níl an cion cineálacha tánaisteacha Marsanne B, Sauvignon B agus Semillon B fós níos mó ná 10 %, agus tá méadú tagtha ar chion uasta Vermentino B ó 10 % go 20 %.

— Níl aon athrú ar na rialacha maidir le fíonta dearga agus *rosé* sa tsonraíocht táirge.

— I gcás na dtrí dhath fíona: níl feidhm ag na rialacha maidir leis an gcion cineálacha fíniúna ar ghabháltas maidir le gabháltais bheaga is lú ná 1,5 heicteár.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

3. *Dlús plandaithe*

Leasaíodh Caibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh an ATFC 'Bandol' i bpointe VI, 'Bainistíocht fíonghort — 1. Modhanna treoraithe' chun na rialacha maidir le dlús a thabhairt cothrom le dáta chun an méid a tharlaíonn i ndáiríre sna fíonghort san ainmniúchán a léiriú, agus chun fíniúnacha a phlandaítear ar léibhinn a chur san áireamh.

Is é 4 440 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha seachas 5 000 planda in aghaidh an heicteáir. Ní féidir leis an achar idir na sraitheanna a bheith níos mó ná 2,50 méadar agus ní féidir leis an achar idir plandaí a bheith níos lú ná 0,80 méadar. Níl an t-achar atá ar fáil le haghaidh gach planda níos mó ná 2,25 méadar cearnach. Faightear an t-achar dromchla sin tríd an spásáil idir na sraitheanna a iolrú faoin spásáil idir na plandaí.

I gcás fíniúnacha a phlandaítear ar léibhinn, bíonn achar dromchla uasta 2,25 méadar cearnach ag gach planda, arna ríomh trí na faid idir sraitheanna agus an spásáil idir plandaí a iolrú. Ní féidir an t-achar idir na sraitheanna a bheith níos mó ná 2,50 méadar agus ní féidir leis an achar idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith níos lú ná 0,70 méadar.

Ceadaítear spásáil uasta 2,5 méadar do na fíniúna sin idir barr gach bruaigh léibheannaithe (nó balla), agus an chéad sraith plandaí ar an léibheann os a chionn, agus an spásáil chéanna idir bun an bhruaigh agus an chéad sraith ar an léibheann faoi.

Cuireadh na forálacha sin leis an doiciméad aonair freisin, faoi 'Cleachtais fhíoneolaíocha'.

4. *Rialacha maidir le prúnáil*

Leasaíodh Caibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh an ATFC 'Bandol' i bpointe VI 'Bainistíocht fíonghort — 1. Modhanna treoraithe' chun na rialacha maidir le dlús a thabhairt cothrom le dáta chun an méid a tharlaíonn i ndáiríre sna fíonghort san ainmniúchán a léiriú, agus chun fíniúnacha a phlandaítear ar léibhinn a chur san áireamh.

Cuireadh na forálacha sin leis an doiciméad aonair freisin, faoi 'Cleachtais fhíoneolaíocha'.

5. *Lipéadú*

Leasaíodh Caibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh an ATFC 'Bandol' i bpointe XII, 'Rialacha maidir le cur i láthair agus lipéadú' chun na coinníollacha lipéadaithe le haghaidh ainmneacha na gcineálacha a leagan amach.

D'fhéadfadh ainm an chineáil a bheith le feiceáil sa réimse radhairc céanna leis an bhfaisnéis shainordaitheach uile, agus sa réimse sin amháin. Ní fhéadfaidh méid na litreacha le haghaidh ainm an chineáil a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná méid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Leagtar amach na rialacha lipéadaithe sin sa doiciméad aonair faoin bpointe 'Coinníollacha breise — Lipéadú'.

6. *Tagairtí don chomhlacht cigireachta*

Tugadh Caibidil III, Roinn II den tsonraíocht táirge, 'Tagairt don chomhlacht cigireachta' cothrom le dáta chun a shonrú nach mór seiceálacha ar chomhlíontacht leis an tsonraíocht táirge a dhéanamh ar bhonn plean cigireachta formheasta agus ag comhlacht tríú páirtí a thairgeann ráthaíochtaí maidir le hinniúlacht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas arna dtarmligean ag INAO.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Bandol

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

ATFC — Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Tuairisc anailíseach ar na táirgí*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta socra dearga, fíonta socra *rosé* nó fíonta socra geala iad fíonta an ainmniúcháin 'Bandol'.

Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta 11,5 % de réir toirte ag na fíonta geala agus *rosé*.

Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta 12 % de réir toirte ag na fíonta dearga.

Tráth an phacáistithe, is é 0,4 ghram in aghaidh an lítir uasmhéid aigéid mhalaigh na bhfíonta dearga.

Tar éis an choipthe, bíonn uasmhéid siúcraí coiptheacha (glúcós agus fruchtós) sna fíonta mar a leanas: fíonta geala agus *rosé* — 3 ghram in aghaidh an lítir

fíonta dearga ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha uasta 14 % de réir toirte — 3 ghram in aghaidh an lítir

fíonta dearga ar mó ná 14 % a neart alcóil nádúrtha de réir toirte — 4 ghram in aghaidh an lítir.

Comhlíonann na fíonta na critéir anailíseacha a bhunaítear i reachtaíocht Eorpach.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

2. *Tuairisc orgánaileipteach ar na táirgí*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is gá na fíonta dearga a aibiú. Is táirgí ísealtáirgeachta iad ó fhíniúnacha atá os cionn 7 mbliana d'aois. Tosaíonn na fíonta ag forbairt le linn na 18 mí a chaitheann siad i mbairillí adhmaid, na *foudres* móra a mbíonn cruth ubhchruthach orthu de ghnáth. Ní mór gurb é Mourvèdre N atá in 50 % ar a laghad den mheascán cineálacha fíniúna a úsáidtear. Tugann sé a saintréithe do na fíonta: bíonn siad cumhachtach, tathagach, tainneach agus is féidir leo maireachtáil ar feadh i bhfad.

Is mó ná riamh an tóir atá ar na fíonta *rosé*. Déantar iad trí bhrú díreach, maothú gearr nó tríd an modh *saignée*, agus bíonn dath rós-bhándearg orthu. Ní mór gurb é Mourvèdre N 20 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear, agus is minic go mbíonn an figiúr idir 30 % agus 40 %. Tugtar struchtúr sonrach do na fíonta leis an gcineál sin. Níos tainní ná fíonta *rosé* eile Provence, tá beagán níos mó ama ag teastáil uathu chun forbairt ach is féidir leo maireachtáil ar feadh tréimhse níos faide.

Déantar na fíonta geala go príomha as Clairette B: 50 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear. Bíonn dath éadrom na tuí ar na fíonta agus bíonn dea-bholaithe bláthacha orthu. Bíonn an táirgeadh níos srianta ná mar a bhíonn i gcás na bhfíonta dearga agus *rosé*. Mar sin féin, cuireann siad le híomhá agus le cothromaíocht an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

An modh saothraithe

— Dlús plandaithe:

Is é 4 440 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha. Ní féidir leis an achar idir na sraitheanna a bheith níos mó ná 2,50 méadar agus ní féidir leis an achar idir plandaí a bheith níos lú ná 0,80 méadar. Níor cheart an t-achar atá ar fáil le haghaidh gach planda a bheith níos mó ná 2,25 méadar cearnach. Faightear an t-achar dromchla sin tríd an spásáil idir na sraitheanna a iolrú faoin spásáil idir na plandaí.

I gcás fíniúnacha a phlandaítear ar léibhinn, bíonn achar dromchla uasta 2,25 méadar cearnach ag gach planda, arna ríomh trí na faid idir sraitheanna agus an spásáil idir plandaí a iolrú. Ní féidir an t-achar idir na sraitheanna a bheith níos mó ná 2,50 méadar agus ní féidir leis an achar idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith níos lú ná 0,70 méadar.

Ceadaítear spásáil uasta 2,5 méadar dóibh idir barr gach bruaigh léibheannaithe (nó balla), agus an chéad sraith plandaí ar an léibheann os a chionn, agus an spásáil chéanna idir bun an bhruaigh agus an chéad sraith ar an léibheann faoi.

— Rialacha maidir le prúnáil:

— Déantar prúnáil spoir ar na fíniúnacha (ag úsáid an mhodh cuachphrúnála nó prúnáil Royat), agus 8 mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist. Bíonn dhá bhachlóg ar a mhéad ar gach spor.

— Is féidir na cineálacha Syrah N agus Sauvignon B a phrúnáil chuig Guyot singil agus ocht mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist.

— Is féidir prúnáil a dhéanamh ar na fíniúnacha os cionn 30 bliain d'aois agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist.

— Tarlaíonn an phrúnáil roimh an 1 Bealtaine.

— As fíonchaora a bhuantar de láimh a dhéantar na fíonta. Iompraítear na triopaill fíonchaor go dtí an fhíonlann agus iad slán.

— Uisciú:

I gcomhréir le hAirteagal D. 645-5 den Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí, ní cheadaítear uisciú le linn an tséasúir fáis ach amháin má chuireann triomach leanúnach isteach ar fhorbairt fhiseolaíoch cheart na bhfíniúnacha agus ar aibiú na bhfíonchaor.

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Toirmisctear aon chóireáil teasa ar bhuaint na bhfíonchaor ag teocht os cionn 40 °C.

— Toirmisctear sliseanna adhmaid a úsáid.

— Maidir le fíonta *rosé* a dhéanamh, ceadaítear úsáid a bhaint as gualach fíonóireachta le haghaidh na n-úrfhíonta agus na bhfíonta óga brúite atá fós faoi choipeadh, laistigh de theorainn 10 % de thoirt na bhfíonta *rosé* arna ndéanamh ag fíonsaothraí ainmnithe i gcás buaint shonrach, ag uasmhéid 60 gram in aghaidh an heictilítir.

— Tá toirmeasc iomlán ar shaibhriú.

— Toirmisctear umair choipthe leanúnacha, fáisceáin leanúnacha, bainteoirí gas lártheifeacha, deighilteoirí de chineál scriú níos lú ná 750 milliméadar i dtrastomhas, agus brúiteoirí caidéil tiomáinte le loine a úsáid.

Leis na cleachtais fhíoneolaíocha a ndéantar dá réir, ní mór rialacha an Aontais agus an Chóid um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí a chomhlíonadh, mar aon leis na forálacha thuas.

5.2. *Uastáirgeacht*

40 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Gach céim den táirgeadh, ó bhuain na bhfíonchaor, fíon a dhéanamh, cóiriú agus aibiú, tarlaíonn siad sa limistéar geografach, i gcríoch na mbardas seo a leanas de roinn Var, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2020: Bandol, Le Beausset, La Cadière-d'Azur, Le Castellet, Evenos, Ollioules, Sanary-sur-Mer agus Saint-Cyr-sur-Mer.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Agiorgitiko N

Assyrtiko B

Bourboulenc B — Doucillon blanc

Calabrese N

Carignan N

Carignan blanc B

Cinsaut N — Cinsault

Clairette B

Counoise N

Grenache N

Grenache blanc B

Marsanne B

Mourvaison N

Mourvèdre N — Monastrell

Sauvignon B — Sauvignon blanc

Semillon B

Syrah N — Shiraz

Terret blanc B

Ugni Blanc B

Vermentino B — Rolle

Xinomavro N

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc*

Tá an limistéar geografach críochaithe timpeall ar ocht mbardas i roinn Var. Tá sé i gcroílár coire nádúrtha an-mhór a gearradh amach de thoradh an chreimthe agus gníomhaíocht theicteonach a rinne difear do na foirmíochtaí dríodair, carbónáite agus sceire, agus a thug iad chuig an dromchla. Ar an mbealach sin, foirmíodh tírdhreach cnocach, dúnta ó thuaidh agus oscailte don Mheánmhuir trí Mhurascaill Bandol.

Leis an topagrafaíocht sin, cruthaítear aeráid Mheánmhara ar leith atá cosanta ón Mistral, an ghaoth fhuar aduaidh atá coitianta in Provence. Cruthaíodh an limistéar as leagan amach cnoc agus bunchnoc, agus bíonn meánmhéid gréine bliantúil de 3 000 uair an chloig ann chomh maith le 650 milliméadar báistí ann. Comhlánaítear an aeráid atá fabhrach cheana féin leis an éifeacht mhaolaithe a bhaineann le bheith ar oscailt don Mheánmhuir, lena maolaítear grian the an tsamhraidh agus lena gcoinnítear bogthaise ar bun istoíche. Leis sin, cruthaítear dálaí den scoth le haghaidh aibiú na bhfíonchaor, go háirithe Mourvèdre N. Mar thoradh air sin, is féidir fíonta dearga a tháirgeadh atá oiriúnach lena gcoinneáil ar feadh i bhfad agus lena n-aibiú i mbairillí adhmaid, chomh maith le fíonta *rosé* saintréitheacha. An tráth céanna, tá na dálaí go hiontach freisin le haghaidh an chineáil fíniúna Clairette B, lenar féidir fíonta geala míne struchtúrtha a tháirgeadh.

Tá na hithreacha is saintréithí sách éadomhain, scothbhán, níl mórán ábhar orgánach iontu, bíonn siad lán le heilimintí siliciúla uaireanta, tá siad an-chlochach agus draenáilte go maith i gcónaí, rud a chuireann le cúrsaíocht uisce den scoth.

Mhúnlaigh saothrú fíniúnacha agus crann ológ go háirithe an tírdhreach, rud atá mar thoradh ar bhuanseasmhacht na bhfeirmeoirí i gcaitheamh na nglún. Leis na céadta blianta, is eol dóibh an tslí is fearr chun fánaí agus cnoic a phlandáil agus clúdach fásúil cosanta á choinneáil ar bun ar na harda. Chun an ithir a choimeád faoi smacht agus clocha a ghlanadh as an talamh, thóg siad ballaí saoirseachta tirime do-áirithe, ar a dtugtar ‘restanques’, lenar cruthaíodh an tírdhreach saintréitheach sin.

8.2. *Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc*

Sa cheathrú céad RCR, chuaigh muintir Phocaea i dtír ar chladaí foscúla limistéir a thiocfadh chun bheith ina choilíneacht ina dhiaidh sin acu, coilíneacht 'Terroeis'. Ina n-amfaraí, thug siad sibhialtacht na fíniúna agus an fhíona leo. Faoi Impireacht na Róimhe, rinneadh 'Torrentum' de 'Terroeis', é suite idir bardais Saint-Cyr agus Bandol. Sa lá atá inniu ann tá iarsmaí de thithe móra ársa Rómhánacha ar roinnt eastát fíonsaothrúcháin agus tá neart fianaise seandálaíochta iontu ar ghníomhaíocht fíonsaothraithe eagraithe: oighinn cré le haghaidh amfaraí, cantaoirí fíona etc.

Is iomaí foinse scríofa lena bhfianaítear gurb ann d'fhás fíniúna leanúnach, agus lena bhfianaítear clú na bhfíonta a táirgeadh. Áirítear orduithe 1363 lena rialaítear cúrsaíocht fíonchaor agus fíona, go dtí na díolúintí ó shrianta ar phlandáil a eisíodh in 1731 i bhfianaise an chineáil tír-raoin agus cháilíocht na bhfíonta a táirgeadh leo. Tá fianaise bhreise ann i bhfoirm ailtireachta agus logainmneacha, amhail Le Vigneret nó La Mourvèdriére.

Mar shampla, i dtráchtas 1827 Tolozan *Œnologie de la Basse Provence*, rinne Tolozan an nasc idir an tírdhreach agus saothrú fíniúnacha: 'Tosaíonn réigiún fíona Bandol ag bun shléibhte Cuges, síneann sé ó dheas, agus críochnaíonn sé i Murascaill Bandol, atá thart ar 12 chiliméadar ar fhad. Cruthaítear an gleann sin as sraith dhúbailte cnoc a théann i dtreo an iarthair agus timpeall mhachaire mór Saint-Cyr, a bhfuil fána réidh leis síos i dtreo Mhurascaill Lecques... Tá fíniúnacha plandáilte ar na fánaí agus ar na cnoic fiú.' Mar chruthúnas ar chomhtháthú na hearnála, luaigh an t-údar freisin 'Is é Mourvèdre, ar fíonchaor dhearg an-dorcha í, an cineál fíniúna is coitianta ar fud na háite, agus is é croí fhíonta Bandol é.'

Is léir ó fhianaise na staire go raibh aithne ar na fíonta seo mar fhíonta lena gcoinneáil, fíonta ar tháinig feabhas orthu le himeacht ama, go háirithe le linn turais farraige fhada. Go deimhin, i bhfianaise an bhuntáiste a bhaineann le bá fhoscúil Bandol, iompraíodh fíonta a táirgeadh laistigh den limistéar geografach i mbáid den chuid ba mhó, báid a d'fhágtaí ar ancaire amach ón gcósta. Na bairillí fíona a chuirtí ar bord, dhéantaí iad a bhrandáil leis an litir 'B' iad.

I saothar ó 1787 maidir le tíreolaíocht Provence agus 'the Comté Venaissin, principality of Orange and Comté of Nice' ['Cunta Venaissin, prionsacht Oráiste agus Contae Nice'] (Imleabhar I, lch 280), deirtear ann

'Tá ithir Bandol an-tirim agus clochach. Is é príomhtháirge an limistéir an fíon dearg den cháilíocht is airde, a bhfuil an-tóir air sna hAintillí. Is cinnte gurb é calafort Bandol an calafort is sábháilte agus is áisiúla sa chúige.'

Mar chalafort luchtaithe agus mar asraon trádála le haghaidh fhíonta Bandol, bhí cúipéirí ina gcónaí sa chathair féin. Le rún ón gComhairle Bardais dar dáta 1818, deimhnítear go ndeachaigh breis agus 6 000 heictilítir fíona trí chalafort Bandol ar a bhealach go dtí an Iodáil, go tuaisceart na hEorpa agus go Meiriceá. Faoi dheireadh na Dara hImpireachta, táirgeadh 80 000 bairille ar a laghad in aghaidh na bliana in Bandol chun thart ar 160 000 heictilítir a stóráil agus a iompar.

Dá bhrí sin, i dteannta na dtáirgeoirí iad féin, is léir ón stair go raibh saol an phobail dhaonna dírithe ar tháirgeadh fíonta.

Rinneadh dochar do na fíonghoirt áitiúla mar gheall ar ghéarchéim fiollocsaeire. Bhí téarnamh tapa indéanta a bhuí lena stair, lena gclú agus leis an bpobal láidir sin, áfach. Ar an mbealach sin, lean siad leis na nósanna ársa a bhaineann le léibhinn a phlandáil, le modhanna treoraithe agus dlús plandaithe iomchuí. Bhí na gnáthchineálacha fós á n-úsáid, agus Mourvèdre N á úsáid den chuid ba mhó, agus Grenache N agus Cinsaut N ina dhiaidh sin go háirithe le haghaidh fíonta dearga agus *rosé*, agus Clairette B, Bourboulenc B agus Ugni Blanc B le haghaidh fíonta geala.

Leis sin, chaomhnaigh an pobal sin a stair, neartaigh sé a shaineolas agus chuir sé feabhas ar cháil agus ar cháilíocht fhíonta Bandol, a aithnítear mar ainmniúchán tionscnaimh cláraithe ó bhí an 11 Samhain 1941 ann.

In 2009, bhí 1 580 heicteár faoi fhíonghoirt Bandol, agus bhí táirgeadh meánach bliantúil de 50 000 heictilítear á bhaint amach, arna ndáileadh i measc 3 chomharchumann siléir agus 54 eastát. Is gá na fíonta dearga a aibiú. Is táirgí ísealtáirgeachta iad, 40 heictilítear in aghaidh an heicteáir ar a mhéad, ó fhíniúnacha atá os cionn 7 mbliana d'aois. Tosaíonn na fíonta ag forbairt le linn na 18 mí a chaitheann siad i mbairillí adhmaid, *foudres* de ghnáth. Ní mór gurb é Mourvèdre N atá in 50 % ar a laghad den mheascán cineálacha fíniúna a úsáidtear. Tugann sé a shaintréithe do na fíonta: bíonn siad cumhachtach, bíonn tathag iontu, bíonn siad tainneach agus is féidir leo maireachtáil ar feadh i bhfad.

8.3. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha*

Aeráid na Meánmhara atá ann a mbíonn tionchair mhuirí uirthi. Cruthaíonn an topagrafaíocht amfaitéatar nádúrtha atá ar oscailt don fharraige, ina bhfaightear cosaint ar thionchair na gaoithe agus na teochta aduaidh. Cré agus aolchloch atá san ithir, agus tá sí an-chlochach. Tagann na tosca sin uile le chéile sa limistéar geografach chun tír-raon agus aeráid a chruthú lena gcruthaítear dálaí den scoth le haghaidh fhíonghort 'Bandol'. Is ann a aimsíonn an cineál fíniúna Mourvèdre N a nideog éiceolaíoch *par excellence*, rud a fhágann go bhféadfaidh sé an aibíocht is fearr a bhaint amach, lena n-áirithítear úrnuacht agus cothromaíocht na bhfíonta.

In 1787, tugadh an nasc áirithe sin idir an timpeallacht nádúrtha agus saintréithe agus cáilíocht na bhfíonta a tháirgtear faoi dearadh cheana féin.

'Aeráid Bandol agus a limistéar díreach máguaird atá thar a bheith cineálta agus foscúil; fo-ithir cré agus aolchloiche in a bhfuil chuid mhaith carbónáite cailciam; dian-fhrithchaitheamh ghathanna na gréine ar na fánaí, a bhfuil foscadh acu ó shioc crua an gheimhridh mar gheall ar a ngaireacht don fharraige; braoiníní beaga uisce mara atá lán le salann agus iaidín in aer an réigiúin bheannaithe seo: cuidíonn siad sin le táirgí cáiliúla a dhéanamh d'fhíonta an limistéir sin, ar táirgí iad a dheireadh baird Provence ina leith gur solas na gréine i mbuidéal iad.' (*La Géographie de la Provence et du Comtat Venaissin*, Achard M., 1787, arna lua ag J.M. Marchandiau in '*Gens et Vins du Bandol*' — 1991.)

Ag léiriú cleachtas bunaithe, cuimsíonn an limistéar dáileachta talún críochaithe 'na gnáthithreacha bochta a bhfuil cáil fhíonta Bandol bunaithe acu le fada an lá', agus 'ithreacha torthúla agus gláracha na ngleannta, an ghlárach róthorthúil ag bun na gcnoc, na fáschoillte péine agus na limistéir choillte' a eisiamh.

Leis an gcríochú sin, is féidir na fíniúnacha a bhainistiú ar an mbealach is éifeachtaí. Tá fuinneamh na bhfíniúnacha agus táirgeacht ionchasach á rialú ag an gcleachtas a bhaineann le táirgeacht íseal ó phrúnáil spoir a choinneáil ar bun, agus trí bhainistíocht a dhéanamh ar dhlúis phlandaithe atá oiriúnaithe do na léibhinn thraidisiúnta (*restanques*).

An traidisiún maidir le fíonchaora a bhuain de láimh, a dhéanann fíonsaothraithe 'Bandol' fós sa lá atá inniu ann, cuidíonn sé le húrmhaireacht agus saintréithe na bhfíonghort sin a chaomhnú lena *restanques*.

A bhuí le saineolas táirgthe, leis na dálaí is fearr aibíochta agus leis an ngá stairiúil le hoiriúnacht le haghaidh iompair, tá struchtúr ag fíonta dearga 'Bandol' lenar féidir iad a aibiú i mbairillí adhmaid ar feadh tréimhse fhada, rud a léiríonn a n-acmhainneacht aosaithe an-suntasach dá réir sin.

A bhuí le dálaí den scoth an choire nádúrtha an-mhór sin atá tiomnaithe d'fhíonsaothrúchán, bhíothas in ann saineolas a fhorbairt i measc an phobail táirgeoirí agus tomhaltóirí. Ba nádúrtha dá bhrí sin an saineolas sin a fheiceáil i bhfeidhm ar tháirgeadh agus ar mheas ar fhíonta *rosé* agus geala. Cé nach raibh siad seo chomh tábhachtach go stairiúil leis na fíonta dearga, tá a gcáil ag dul i méid.

Leis na cleachtais táirgthe le haghaidh na bhfíonta dearga, ag úsáid fíonchaora Mourvèdre N ó fhíniúnacha atá 8 mbliana d'aois ar a laghad, is féidir an cineál sin a úsáid chun fíonta *rosé* a tháirgeadh. Trí Mourvèdre N a chur leo, tugtar cuid mhór dá bhféiniúlacht do na fíonta *rosé*.

Is léir go gcuirtear an méid críochnúlachta sin agus an nós imeachta teicniúil a éilítear chun fíonta dearga a tháirgeadh i bhfeidhm ar na cineálacha fíniúna gile freisin. Leis sin, tugtar struchtúr agus cothromaíocht d'fhíonta geala 'Bandol' lenar féidir iad a aosú ar bhealach atá ina shaintréith de chuid Provence freisin.

In 2010, bhí cáil Bandol doshéanta i gcás na dtáirgí uile: bhí stádas na bhfíonta dearga bainte amach ag na fíonta *rosé* agus geala faoin am sin. Toisc go ndéantar cuid mhór dá dhíolacháin lasmuigh den Fhrainc, agus chun críche onnmhairiúcháin, leis an ainmniúchán tionscnaimh cláraithe sin, is féidir meas a bheith ar a tháirgí go forleathan.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I gcás fíonta incháilithe le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, féadfar aonad geografach níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gur logainm é a liostaítear sa chlár talún agus go bhfuil sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Léirítear an logainm mar a liostaítear sa chlár talún díreach i ndiaidh ainm an ghabháltais nó an trádmhairc.

Ní údaraítear ainm an chineáil a bheith in aon áit ach amháin sa réimse radhairc céanna leis an bhfaisnéis shainordaitheach uile.

Ní fhéadfaidh méid na litreacha d'ainm an chineáil a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná méid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-1b235ad6-e22e-485f-a0e0-daa90a278546